



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

21 Eanáir 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – An comhshaol – Seoladh dramhaíola – Treoir 2006/12/CE – An coincheap ‘dramhaíl’ – Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt – Airteagal 1(4) – Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 – Dramhaíl atá faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn – Seoladh dramhaíola laistigh den Aontas Eorpach – Airteagal 1(3)(b) – Bailíocht – Léiriú comhoiriúnach le Coinbhinsiún Basel – Dramhaíl arna giniúint ar bord loinge tar éis damáiste a bheith déanta di ar an mórmhuir – An coincheap ‘díluchtú dramhaíola’ – Díluchtú páirteach na dramhaíola i gcalafort sábháilte)

I gCás C-188/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Oberlandesgericht München (Cúirt Uachtarach Réigiúnach München, an Ghearmáin), trí bhreith an 14 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 23 Márta 2023, sna himeachtaí

Land Niedersachsen

v

Conti 11. Container Schifffahrts-GmbH & Co. KG MS ‘MSC Flaminia’

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, C. Lycourgos, I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún, S. Rodin, A. Kumin, N. Jääskinen agus D. Gratsias, Uachtaráin Dhlísheomraí, E. Regan, I. Ziemele (Rapóirtéir) agus J. Passer, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Juhász-Tóth, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus tar éis éisteacht an 27 Feabhra 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Land Niedersachsen, ag H. Jacobj, R. van der Hout agus S. Walter, Rechtsanwälte,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

- Conti 11. Container Schiffahrts-GmbH & Co. KG MS ‘MSC Flaminia’, ag J.-E. Pötschke agus W. Steingröver, Rechtsanwälte,
- Rialtas na Fraince, ag B. Fodda, B. Herbaut agus M. Raux, i gcáil Gníomhairí,
- Parlaimint na hEorpa, ag G. C. Bartram agus W. D. Kuzmienko, i gcáil Gníomhairí,
- Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag T. Haas agus A. Maceroni, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag M. Escobar Gomez, M. Bruti Liberati, L. Haasbeek agus M. Noll-Ehlers, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 16 Bealtaine 2024,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le bailíocht agus léiriú Airteagal 1(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO 2006 L 190, lch. 1)
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Land Niedersachsen (Land na Sacsaine Íochtaráí, an Ghearmáin) agus Conti 11. Container Schiffahrts-GmbH & Co. KG MS ‘MSC Flaminia’ (‘Conti’) maidir le cúiteamh as an damáiste a d’fhulaing Conti mar thoradh ar an oibleagáid a fhorchuireann Land na Sacsaine Íochtaráí nós imeachta a chur chun feidhme maidir le réamhfhógra agus réamhthoilíú i scríbhinn a bhaineann le dramhaíl a iompar ar bord na loinge an MSC Flaminia (‘an Flaminia’) tar éis damáiste a bheith déanta di ar an mórmhuir.

An dlí lena mbaineann

An dlí idirnáisiúnta

Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí

- 3 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 31 Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí am 23 Bealtaine 1969 (United Nations Treaty Series, Iml. 1155, lch. 331), dar teideal ‘Riail ghinearálta léirmhínthe’:

‘1. Déanfar conradh a léiriú de mheon macánta i gcomhréir leis an ngnáthbhrí a thabharfar do théarmaí an chonartha ina gcomhthéacs agus i bhfianaise a aidhme agus a chuspóra.

2. Chun conradh a léiriú, is éard a bheidh sa chomhthéacs, de bhreis ar an téacs, lena n-áirítear a bhrollach agus a iarscríbhinní:

- (a) Aon chomhaontú a bhaineann leis an gconradh a rinneadh idir na páirtithe go léir i ndáil le tabhairt i gcrích an chonartha;

(b) Aon ionstraim a rinne páirtí amháin nó níos mó i ndáil le tabhairt i gcrích an chonartha agus lenar ghlac na páirtithe eile mar ionstraim a bhaineann leis an gconradh.

[...]

Coinbhinsiún Basel

- 4 Sonraítear sa bhrollach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus a ndiúscairt, arna shíniú in Basel an 22 Márta 1989, a formheasadh thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa le Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 (IO 1993 L 39, lch. 1), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('Coinbhinsiún Basel'), sa chéad mhír, sa tríú mír go dtí an cúigiú mír, sa deichiú mír, san aonú mír déag agus sa chúigiú mír déag de:

'[Tá na Páirtithe sa Choinbhinsiún] feasach faoin mbaol go ndéanfaí damáiste do shláinte an duine agus don chomhshaol mar gheall ar dhramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile agus a ngluaiseacht trasteorann'

[...]

[...] is é an bealach is éifeachtaí chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar na contúirtí a bhaineann le dramhaíl den sórt sin táirgeadh na dramhaíola a íoslaghdú ó thaobh cainníochta agus/nó guaise féideartha de,

[...] ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil bainistiú dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile, lena n-áirítear a gluaiseachtaí trasteorann agus a ndiúscairt, comhoiriúnach le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, gan beann ar an áit a ndiúscaítear iad,

[...] ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann an táirgeoir na hoibleagáidí a bhaineann le hiompar agus diúscairt dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile ar bhealach atá comhoiriúnach le cosaint an chomhshaoil, beag beann ar an áit ina ndéantar í a dhiúscairt;

[...]

[...] spreagfaidh an géarú ar an rialú ar ghluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile bainistiú dramhaíola den sórt sin ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus laghdú ar líon na ngluaiseachtaí trasteorann lena mbaineann,

[...] ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun malartú iomchuí faisnéise agus rialú éifeachtach ar ghluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile ó na Stáit sin agus chucu a áirithiú,

[...]

[...] beidh sé de cheangal ar na Stáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh maidir le sláinte an duine a chosaint agus an comhshaol a chosaint agus beidh siad freagrach ina leith sin i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.'

5 Foráiltear le hAirteagal 1 den Choinbhinsiún sin, dar teideal ‘Raon feidhme an Choinbhinsiúin’:

‘1. Measfar gur “dramhaíl ghuaiseach” chun críocha an Choinbhinsiúin seo í an dramhaíl seo a leanas, atá faoi réir gluaiseachtaí trasteorann:

- (a) Dramhaíl a bhaineann le ceann de na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ach amháin mura bhfuil aon cheann de na saintréithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III aici; agus
- (b) Dramhaíl nach bhfuil feidhm ag forálacha fhomhír (a) maidir léi ach a shainmhínítear nó a mheastar a bheith guaiseach le reachtaíocht intíre an Pháirtí onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin nó idirthurais.

2. Measfar gur “dramhaíl eile” dramhaíl a bhaineann le ceann de na catagóirí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus atá faoi réir gluaiseachtaí trasteorann, chun críocha an Choinbhinsiúin seo.

[...]

4. Déanfar dramhaíl ó ghnáthoibriú loinge, a bhfuil a sceitheadh faoi réir ionstraim idirnáisiúnta eile, a eisiámh ó raon feidhme an Choinbhinsiúin seo.’

6 Foráiltear le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún Basel, dar teideal ‘Oibleagáidí ginearálta’:

[...]

‘2. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

A áirithiú go n-íoslaghdófar giniúint dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile laistigh den tír, agus cúinsí sóisialta, teicniúla agus eacnamaíocha á gcur san áireamh;

A áirithiú go mbunófar saoráidí diúscartha leordhóthanacha ar cheart dóibh a bheith lonnaithe, a mhéid is féidir, laistigh den tír, d’fhonn bainistiú neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach agus ar dhramhaíl eile cibé áit a ndiúscaítear iad;

[...]

A áirithiú go ndéanfar gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile a íoslaghdú i gcomhréir lena mbainistiú éifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus go ndéanfar iad ar bhealach a chosnóidh sláinte an duine agus an comhshaol ar éifeachtaí díobhálacha;

[...]

A cheangal go gcuirfear faisnéis maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile atá beartaithe in iúl do na Stáit lena mbaineann, i gcomhréir le hIarscríbhinn V A, ionas gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí na ngluaiseachtaí atá beartaithe do shláinte an duine agus don chomhshaol;

[...]

Comhoibriú le Páirtithe eile agus le heagraíochtaí leasmhara eile, go díreach agus tríd an Rúnaíocht, maidir le gníomhaíochtaí lena n-áirítear faisnéis a scaipeadh maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile, d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola dá leithéid ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus gáinneáil aindleathach a chosc;

[...]

- 7 Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún sin, dar teideal ‘Gluaiseachtaí trasteorann idir páirtithe’:

‘1. Tabharfaidh an Stát onnmhairiúcháin fógra, nó ceanglóidh sé ar an ngineadóir nó ar an onnmhaireoir fógra a thabhairt, i scríbhinn, trí chainéal údarás inniúil an Stáit onnmhairiúcháin, d’údarás inniúil na Stát lena mbaineann maidir le haon ghluaiseacht trasteorann dramhaíolacha guaiseacha nó dramhaíolacha eile atá beartaithe. Sna fógraí sin beidh na dearbhuithe agus an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn V-A i dteanga is inghlactha ag an Stát allmhairiúcháin. Ní gá ach fógra amháin a sheoladh chuig gach Stát lena mbaineann.

2. Tabharfaidh an Stát allmhairiúcháin freagra i scríbhinn ar an bhfógróir, ag toiliú leis an ngluaiseacht i dteannta nó d’éagmais coinníollacha, ag diúltú an ghluaiseacht a cheadú, nó ag iarraidh faisnéis bhreise’. Cuirfear cóip de fhreagra deiridh an Stáit allmhairíochta chuig údaráis inniúla na Stát lena mbaineann ar páirtithe iad.

3. Ní cheadóidh an Stát onnmhairiúcháin don ghineadóir ná don onnmhaireoir tús a chur leis an ngluaiseacht trasteorann go dtí go mbeidh deimhniú i scríbhinn faighte aige:

Tá toiliú i scríbhinn faighte ag an bhfógróir ón Stát allmhairiúcháin; agus de bhrí

Fuair an fógróir deimhniú ón Stát allmhairiúcháin go bhfuil Conradh ann idir an t-onnmhaireoir agus an diúscróir lena sonraítear bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar an dramhaíl atá i gceist.

[...]

- 8 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 10(1) den Choinbhinsiún sin:

‘Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bainistiú dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fheabhsú agus a áirithiú.’

- 9 In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcoinbhinsiún sin tá liosta de na catagóirí dramhaíola atá faoi réir rialú dá bhforáiltear leis an gcoinbhinsiún sin.
- 10 Sonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Basel na catagóirí dramhaíola ar gá aird ar leith a thabhairt orthu.
- 11 Le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, bunaítear liosta dramhaíola a mheastar a bheith guaiseach de bhun Airteagal 1(a) den Choinbhinsiún sin.

Dlí an Aontais

Treoir 2006/12/CE

- 12 Foráladh le hAirteagal 1(a) de Threoir 2006/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le dramhaíl (IO 114 L 9, lch. 1):

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

aon substaint nó réad sna catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a dhiúscaíonn an sealbhóir nó a bhfuil sé beartaithe aige nó a cheanglaítear air a dhiúscairt;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 13 Aisghairtear Treoir 2006/12 le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO 2008 L 312, lch. 3). Déantar Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2006/12 a atáirgeadh, go bunúsach, in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/98.

Rialachán (AE) Uimh. 1013/2006

- 14 Leagtar an méid seo a leanas amach in aithrisí 1, 3, 7, 8, 14, 18, 35 agus 36 de Rialachán 1013/2006:

‘(1) Is é príomhchuspóir agus príomh-chomhpháirt an Rialacháin seo an comhshaol a chosaint, agus níl ina éifeachtaí ar thrádáil idirnáisiúnta ach éifeachtaí teagmhasacha.

[...]

(3) Bhain Cinneadh [93/98] [...] le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail, Choinbhinsiún Basel [...], a bhfuil an Comhphobal ina pháirtí ann ó 1994 i leith. Trí Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 [ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO 1993 L 30, lch. 1)] a ghlacadh, bhunaigh Comhairle [an Aontais Eorpaigh] rialacha chun na gluaiseachtaí sin a shrianadh agus a rialú agus é mar aidhm, *inter alia*, an córas Comhphobail atá ann cheana maidir le maoirseacht agus rialú gluaiseachtaí dramhaíola a chur i gcomhréir le ceanglais Choinbhinsiún Basel.

[...]

(7) Tá sé tábhachtach maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola a eagrú agus a rialáil ar bhealach a chuireann san áireamh an gá atá le caighdeán an chomhshaoil agus sláinte an duine a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus lena gcuirtear chun cinn cur i bhfeidhm níos aonfhoirmí an Rialacháin ar fud an Chomhphobail’

- (8) Tá sé tábhachtach aird a thabhairt freisin ar an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 4(2)(d) de Choinbhinsiún Basel go ndéanfar loingsithe dramhaíola guaisí a laghdú a mhéid is féidir, i gcomhréir le bainistiú dramhaíola den sórt sin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúil.

[...]

- (14) I gcás loingsithe dramhaíola nach liostaítear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA nó Iarscríbhinn IIIB a ghabhann leis an Rialachán seo agus atá ceaptha le haghaidh córais chóireála, is iomchuí faireachán agus rialú barrmhaith a áirithiú trí réamhthoiliú i scríbhinn a éileamh i gcás loingsithe den sórt sin. Ba cheart réamhfhógra a bheith i gceist le nós imeachta den sórt sin, rud a chuirfidh ar chumas na n-údarás inniúil a bheith curtha ar an eolas go cuí ionas gur féidir leo gach beart is gá a dhéanamh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na n-údarás sin freisin agóidí réasúnaithe a dhéanamh i gcoinne loingsiú den sórt sin.

[...]

- (18) I bhfianaise na freagrachta atá ar tháirgeoirí dramhaíola dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart dóibh, a mhéid is féidir, na doiciméid fógartha agus ghluaiseachta a bhaineann le loingsithe dramhaíola iad féin a chomhlánú.

[...]

- (35) Is gá a áirithiú go ndéantar díchoimeáil long ar bhealach atá sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.
[...]

- (36) Cuireann comhar idirnáisiúnta éifeachtach maidir le rialú loingsithe dramhaíola le rialú loingsithe dramhaíola guaisí. Ba cheart malartú faisnéise, freagracht chomhroinnte agus iarrachtaí comhair idir an tAontas agus na Ballstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tíortha, ar an taobh eile, a chur chun cinn chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 15 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 1 den Chonradh sin:

'1. Bunaítear leis nósanna imeachta agus córais rialaithe maidir le loingsiú dramhaíola, ag brath ar thionscnamh, ceann scríbe agus bealach an loingsithe, ar chineál an loingsithe a sheolfar agus ar an gcineál cóireála atá le cur i bhfeidhm ar an dramhaíl nuair a bhainfidh sí ceann scríbe amach.

[...]

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) dramhaíl a dhíluchtú ar an gcladach, ar dramhaíl í a ghintear trí ghnáthoibriú long agus ardán amach ón gcósta, lena n-áirítear fuíolluisce agus iarmhair, a mhéid a rialaítear iad sin leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc [a síníodh i Londain an 2 Samhain 1973, arna fhorlíonadh le Prótacal an 17 Feabhra 1978] (Marpol 73/78), nó le hionstraimí idirnáisiúnta ceangailteacha eile;
- (b) Eisiatar leis an bhforáil sin ó raon feidhme an Rialacháin sin dramhaíl arna giniúint ar bord feithiclí, traenacha, eitleán agus long, go dtí go ndéanfar an dramhaíl sin a dhíluchtú chun í a aisghabháil nó a dhiúscairt;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear don mhéid a leanas in Airteagal 2 den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

- (1) ciallaíonn “dramhaíl” an sainmhíniú a thugtar dó in Airteagal 1(1)(a) de Threoir [2006/12];
- (2) ciallaíonn “dramhaíl ghuaiseach” an sainmhíniú a thugtar in Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le dramhaíl ghuaiseach [(IO 1991 L 377, lch. 20), arna leasú le Treoir 94/31/CE an 27 Meitheamh 1994 (IO 1994, L 168, lch. 28)];

[...]

- (8) ciallaíonn “bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol” gach céim phraiticiúil a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú ar bhealach ina ndéanfar sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint i gcoinne na n-éifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar an dramhaíl sin;

[...]

- (34) ciallaíonn “loingsiú” iompar dramhaíola atá le diúscairt nó le cóireáil agus atá beartaithe nó a dhéantar sna háiteanna seo a leanas:
 - (a) idir tír agus tír eile;
 - (b) idir tír agus tíortha agus críocha thar lear nó limistéir eile, faoi chosaint na chéad tíre sin;
 - (c) idir tír agus críoch nach bhfuil ceangailte le haon tír faoin dlí idirnáisiúnta; nó
 - (d) idir tír agus an tAntartach;
 - (e) ó thír trí cheann de na limistéir thuasluaite; nó
 - (f) laistigh de thír trí cheann eile de na limistéir thuasluaite, a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa tír chéanna; nó
 - (g) ó limistéar geografach nach bhfuil faoi dhlínse náisiúnta de chuid tír ar bith, chuig tír;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 17 Foráiltear le hAirteagal 3(1) den Rialachán sin, atá i dTeideal II de, dar teideal ‘Aistrithe laistigh den Chomhphobal, cibé acu atá nó nach bhfuil siad ar idirthuras trí thríú tíortha’:

‘Beidh loingsithe na dramhaíola seo a leanas faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn mar a leagtar síos i bhforálacha an Teidil seo:

má tá siad beartaithe le haghaidh oibríochtaí diúscartha:

gach cineál dramhaíola;

má tá siad beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála:

- (i) dramhaíl a liostaítear in Iarscríbhinn IV, lena n-áirítear, *inter alia*, dramhaíl a liostaítear in Iarscríbhinní II agus VIII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, (ii) dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV;
- (iii) dramhaíl nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinní III, III B, IV nó IVA,
- (iv) meascáin dramhaíola nach n-aicmítear faoi aon iontráil amháin in aon cheann d’Iarscríbhinní III, III B, IV nó IV A mura liostaítear in Iarscríbhinn IIIA iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 18 I gCaibidil 1 de Theideal II de Rialachán Uimh. 1013/2006, lena n-áirítear Airteagail 4 go 17, tugtar tuairisc ar an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

- 19 Is long coimeádán de chuid Conti é an Flaminia, a raibh bratach na Gearmáine ar foluain aici le linn na tréimhse atá i gceist sna príomhimeachtaí.
- 20 An 14 Iúil 2012, le linn turas ó Charleston (Stáit Aontaithe Mheiriceá) go dtí Antuairp (an Bheilg), thosaigh dóiteán agus pléascadh ar bord na loinge sin, agus 4 808 gcoimeádán á n-iompar, ar tugadh ‘earraí contúirteacha’ ar 151 díobh. Tar éis an dóiteán a bheith faoi smacht, fuair Conti údarú, an 21 Lúnasa 2012, an long sin a tharraingt in uiscí teorann na Gearmáine. I gcomhréir leis an litir ó Havariekommando (Ionad Ceannais Éigeandála Muirí, an Ghearmáin) an 25 Lúnasa 2012, ceanglaíodh ar Conti plean a tharraingt suas chun leanúint d’oibríochtaí agus aon chomhpháirtí conarthach a ainmniú chun na bearta comhfhreagracha a fhorghníomhú.
- 21 An 9 Meán Fómhair 2012, tarraingíodh an long sin go Wilhelmshaven (an Ghearmáin).
- 22 Go háirithe, gheall Conti d’údaráis na Gearmáine a áirithiú go n-aistreofaí an long chéanna go sábháilte chuig clós deisiúcháin in Mangalia (an Rómáin) agus a áirithiú go ndéanfaí cóireáil iomchuí ar na substaintí ar bord.

- 23 I litir dar dáta an 30 Samhain 2012, chuir Niedersächsisches Umweltministerium (Aireacht Comhshaoil Land na Sacsaine Íochtaráí, an Ghearmáin) in iúl do Conti ‘gur cheart an long féin agus an t-uisce múchta dóiteán ar bord, chomh maith le draoib agus dramh-mhiotal, a aicmiú mar dhramhaíl’ agus, dá bhrí sin, go raibh a loingsiú faoi réir nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn. Le litir dar dáta an 3 Nollaig 2012, rinne Conti agóid i gcoinne an mheasúnaithe sin.
- 24 Le cinneadh an 4 Nollaig 2012, d’éiligh Gewerbeaufsichtsamt Oldenburg (Cigireacht Saothair Oldenburg, an Ghearmáin) ar Conti nós imeachta den sórt sin a chur chun feidhme mar gheall ar dhramh-mhiotal agus uisce múchta dóiteán a bheith ar an Flaminia measctha le draoib agus iarmhair lasta. Cuireadh toirmeasc ar Conti freisin an long sin a bhaint sular tugadh an nós imeachta sin i gcrích agus sular cuireadh plean infhíoraithe i láthair, i nGearmáinis, chun an dramhaíl sin a dhiúscairt.
- 25 An 21 Nollaig 2012, díluchtaíodh an lastas slán agus deimhníodh muiracmhainneacht an tsoithigh sin suas le tonnairde sé mhéadar.
- 26 Cuireadh tús le nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn chun an t-uisce múchta a aistriú chuig calafort Odense (an Danmhairg) agus dúnadh é. Cuireadh tús le caidéalú an uisce múchta dóiteán an 18 Feabhra 2013. Nuair a bhíodhas in ann meastachán a dhéanamh ar an méid draoibe múchta dóiteán nárbh fhéidir a phumpáil, cuireadh tús leis an nós imeachta sin le húdaráis na Rómáine an 26 Feabhra 2013.
- 27 Eisíodh an t-údarú imeachta, a iarradh faoin 4 Márta 2013, an 1 Márta 2013. Sula raibh an Flaminia in ann an calafort a fhágáil, áfach, b’éigean 30 coimeádán ina raibh dramhaíl a dhíluchtú, agus cuireadh síneadh leis sin go dtí an 7 Márta 2013. Tar éis dhúnadh an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn le húdaráis na Rómáine, bhí an long sin ina raibh 24 000 tona dramhaíola in ann tús a chur lena turas an 15 Márta 2013.
- 28 Tar éis caingean a thionscain Conti os comhair Landgericht München I (an Chúirt Réigiúnach, München I, an Ghearmáin), inar lorg sí ordú go n-íocfadh Land na Sacsaine Íochtaráí cúiteamh as an damáiste a d’eascair, go háirithe, as na costais a d’eascair as na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a bhí le hiompar aici, d’iarr an chúirt sin réamhrialú ar an gCúirt Bhreithiúnais chun a chinneadh an gá iarmhair atá inchurtha i leith damáiste do long, i bhfoirm dramh-mhiotail agus uisce múchta dóiteán arna meascadh le draoib agus iarmhair lasta, a aicmiú mar ‘dhramhaíl a tháirgtear ar bord feithiclí, traenacha, aerárthaí agus long’ de réir bhrí Airteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006.
- 29 Ina breithiúnas an 16 Bealtaine 2019, Conti 11 Container Schiffahrt (C-689/17, ‘an breithiúnas in Conti 11’ EU:C:2019:420), rialaigh an Chúirt nach mór iarmhair den sórt sin a mheas mar dhramhaíl a tháirgtear ar bord long, de réir bhrí na forála sin, atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin sin go dtí go dtabharfar i dtír iad lena n-aisghabháil nó lena ndiúscairt.
- 30 Tar éis an bhreithiúnais sin, sheas Landgericht München I (an Chúirt Réigiúnach, München I) go páirteach le héileamh Conti ar chúiteamh.
- 31 Rinne Land na Sacsaine Íochtaráí achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair Oberlandesgericht München (Uaschúirt Réigiúnach München, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, a chuireann amhras in iúl maidir le bailíocht Airteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006 i bhfianaise Airteagal 1(4) de Choinbhinsiún Basel, a mhéid atá dramhaíl

ghuaiseach nach dtáirgtear le linn gnáthoibriú loinge, nár díluchtaíodh fós agus atá le seoladh ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, díolmhaithe freisin ón ngá atá le bheith faoi réir nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, i bhfianaise na forála sin i Rialachán Uimh. 1013/2006.

- 32 Measann sé nach n-eisiatar le hAirteagal 1(4) de Choinbhinsiún Basel ó raon feidhme an choinbhinsiúin sin ach dramhaíl, de réir bhrí Iarscríbhinn I a ghabhann leis, a tháirgtear i gcomhthéacs ‘gnáthoibriú’ loinge. Níl an dramhaíl a ghintear ar bord loinge mar thoradh ar a damáiste ar an mórmhuir inchurtha i leith ‘ghnáthoibriú’ na loinge sin.
- 33 É sin ráite, leanann sé ón mbreithiúnas in Conti 11 go bhforáiltear le hAirteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006 do mhaolú ar an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn atá níos leithne ná an nós imeachta dá bhforáiltear le Coinbhinsiún Basel, ós rud é, faoin bhforáil sin, nach dtagann dramhaíl nach n-eascraíonn as ‘gnáthoibriú’ loinge, de réir bhrí Airteagal 1(4) den choinbhinsiún sin, nár díluchtaíodh fós agus nach mór a sheoladh ó Bhallstát amháin chuig Ballstát eile, faoi raon feidhme an Rialacháin sin.
- 34 Meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an tAontas ina pháirtí sa choinbhinsiún sin agus, dá réir sin, go bhfuil sé faoi cheangal ag na hoibleagáidí a eascraíonn as.
- 35 Sna himthosca sin, chinn Oberlandesgericht Hamm (Cúirt Uachtarach Réigiúnach Hamm) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- ‘1. An bhfuil an eisceacht a leagtar síos in Airteagal 1(3)(b) de Rialachán (CE) [Uimh. 1013/2006] ón oibleagáid maidir le fógra a thabhairt neamhbhailí mar gheall ar sháruithe ar fhorálacha Choinbhinsiún Basel [...] a mhéid a thagann dramhaíl ghuaiseach faoin eisceacht ón oibleagáid fógra a thabhairt freisin, atá inchurtha i leith damáiste a rinneadh ar bord loinge, agus atá le meas mar dhramhaíl de réir bhrí na forála eisceachta sin i gcomhréir [leis an mbreithiúnas in Conti 11]?’
 2. I gcás go dtabharfar freagra diúltach ar Cheist 1, an gcaithfear an eisceacht a leagtar síos in Airteagal 1(3)(b) de Rialachán [Uimh. 1013/2006] a léiriú go sriantach, i bhfianaise Choinbhinsiún Basel, sa chaoi nach bhfuil iarmhar i bhfoirm dramh-mhiotal agus draoibe agus iarmhair lasta measctha in uisce múchta mar atá i gceist sna príomhimeachtaí, atá inchurtha i leith damáiste a rinneadh ar bord loinge, le meas mar dhramhaíl arna giniúint ar bord loinge de réir bhrí na forála sin?’

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

An chéad cheist

Inghlacthacht

- 36 Gan neamh-inghlacthacht na chéad cheiste a ardú go díreach, measann Conti gur dheimhnigh an Chúirt in Conti 11 bailíocht Airteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006 i bhfianaise Airteagal 1(4) de Choinbhinsiún Basel go teagmhasach ar a laghad. Go háirithe, i mír 30 den bhreithiúnas sin, luaigh an Chúirt na cúiseanna lena cinneadh gan iarraidh Land na Sacsaine

Íochtaráí a dheonú an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt tar éis Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt sa chás as ar eascair an breithiúnas sin ar an bhforas nach raibh aon fhóras nua ann tar éis an chuid ó bhéal sin den nós imeachta a thabhairt chun críche, rud a thugann le tuiscint gur chomhaontaigh sí leis na breithnithe, a leagtar amach sa Tuairim sin, a bhaineann le bailíocht Airteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006 i bhfianaise Airteagal 1(4) de Choinbhinsiún Basel.

- 37 Ní mór a mheabhrú, i ndáil leis sin, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta amháin – ar tugadh an díospóid os a comhair agus a chaithfidh freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh – atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ar an ngá le réamhrialú ionas go bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú iarraidh ar riail de chuid an Aontais le fórais iarbhir nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhórasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, Confédération paysanne (Mealbhacáin agus trádaí ón Sahára Thiar), C-399/22, EU:C:2024:839, míreanna 60 agus 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 38 Sa chás seo, tugann an chúirt a rinne an tarchur údar leis an ngá atá le freagra a thabhairt ar an gcéad cheist toisc nár thug an breithiúnas in Conti 11 rialú ar bhailíocht Airteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006 i bhfianaise Airteagal 1(4) de Choinbhinsiún Basel. Mar sin féin, tá freagra ón gCúirt ar an gceist sin cinntitheach chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach. A mhéid a lorgaítear le héileamh Conti sa díospóid sna príomhimeachtaí cúiteamh as an damáiste a fulaingíodh toisc gur fhorchuir Land na Sacsaine Íochtaráí comhlíonadh an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, tá an cheist maidir le bailíocht Airteagal 1(3)(b) de Rialachán Uimh. 1013/2006, a bhfuil Conti ag brath ar a chur i bhfeidhm maidir le loingsiú na dramhaíola atá i gceist sna príomhimeachtaí, cinntitheach chun rialú a thabhairt ar fhiúntas an éilimh sin.
- 39 In imthosca den sórt sin, níl aon amhras ach go bhfuil an cheist a tharchuirtear ábhartha do thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí agus go gcomhlíontar na coinníollacha inghlacthachta, dá dtagraítear i mír 37 den bhreithiúnas seo.
